# Spraoi le Sórtáil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí - sórtáil, sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>Cruth agus Spás - cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>*Comhtháthú- Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - fadhbanna a chuirfí i láthair go nithiúil, go pictiúrtha nó ó bhéal a phlé<br>• Réasúnaíocht- rudaí a rangú in aicmí loighciúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ainmneacha na ndathanna, ar iarraidh, triantán, cearnóg, dronuilleog, ciorcal, tanaí, tiubh, tiús, mór, beag, greille |
| **Áiseanna** | bloic loighce, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tá réamhobair le bloic thréithe riachtanach. Ba cheart go mbeadh taithí ag daltaí súgradh le bloic thréithe, iad a shórtáil do chritéir dhifriúla ionas go bhfuil siad cleachta lena dtréithe. Neartóidh agus déanfaidh na gníomhaíochtaí seo cleachtadh ar scileanna sórtála na ndaltaí.

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarrann an múinteoir ar na daltaí na cruthanna a shórtáil de réir critéar amháin, m.sh., dath, méid, cruth nó tiús. Pléann daltaí na fothacair atá cruthaithe acu.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarrann an múinteoir ar na daltaí na cruthanna a shórtáil de réir dhá chritéar, m.sh., dath, méid, cruth nó tiús. Pléann daltaí na fothacair atá cruthaithe acu.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn an múinteoir pictiúr ag úsáid bloic (fíorbhloic nó bloic ar an scáileán) agus déanann na daltaí an pictiúr a chóipeáil ag úsáid dath difriúil. Cruthaíonn an múinteoir pictiúr eile agus déanann an dalta an pictiúr a chóipeáil ag úsáid bloic de thiús difriúil srl. Is féidir é seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

### 4 Gníomhaíocht 4

Leagann an múinteoir bailiúchán bloc ina bhfuil dhá thréith amach ar ghreille, mar shampla dath agus cruth. Leagtar 6 rud amach i bhfoirmíocht 2 x 3. Breathnaíonn na daltaí ar an ngreille, pléann siad na cruthanna difriúla agus ansin dúnann siad a súile. Baineann an múinteoir bloc amháin agus nuair a bhreathnaíonn na daltaí ar an ngreille arís sainaithníonn siad agus déanann siad cur síos ar an mbloc a baineadh. Is féidir leis na daltaí na cluichí a imirt i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Is féidir ábhair phraiticiúla eile a úsáid don chluiche seo, in áit bloic thréithe más gá.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An féidir leat an triantán mór/beag a thaispeáin dom srl...?<br>• Cén cruth atá ar iarraidh?<br>• Cad a thabharfá ar an tacar seo? | • Conas a dhéanfá cur síos ar an gcruth seo?<br>• Conas atá na cruthanna cosúil lena chéile /difriúil?<br>• Conas a shórtáil tú do thacar?<br>• Cén fáth ar shórtáil tú do thacar ar an tslí seo?<br>• Cad iad na bealaí eile is féidir leat do chruthanna a shórtáil? |

## Difreáil

Is féidir an líon rudaí/critéar do shórtáil a shocrú de réir thuiscint na ndaltaí. Is féidir méid na greille i nGníomhaíocht 4 a shocrú freisin. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.